

Eleathanach252

Dé Luain 30 Eanáir 2017

Craobhchomórtas Oscailte Leadóige na hAstráile

Bhí Craobhchomórtas Oscailte Leadóige na hAstráile ar siúl i Melbourne, le cúpla seachtain anuas. Is comórtas bliantúil é agus bíonn daoine ag súil leis, mar is é an chéad chomórtas leadóige den bhliain é.

Bhí Serena Williams agus a deirfiúr Venus ag imirt i gcluiche ceannais na mban. D'imir siad a mbabhta ceannais den chomórtas in 2009. Bhí an bua ag Serena. Seo an seachtú huair a bhuaigh sí an comórtas. Dúirt Venus Williams go raibh sí an-bhródúil aisti.

I gcomórtas na bhfear, bhí Rodger Federer agus Rafael Nadal ag imirt sa bhabhta ceannais. Bhí daoine ag súil go mór leis an gcluiche seo toisc go raibh cluichí leadóige iontacha eatarthu thar na blianta. Bhuaigh Federer an cluiche. Seo an cúigiú huair a bhuaigh sé an comórtas.



Lóchrainn lasta sa spéir



An coileach

Bliain Nua na Síneach

Tá Bliain Nua na Síneach á ceiliúradh faoi láthair. Thosaigh an fhéile Dé Sathairn agus maireann na himeachtaí ar feadh 15 lá. Ní thosaíonn an bhliain nua ar an dáta céanna gach bliain, toisc go mbraitheann sí ar an ngealach. Críochnaíonn an fhéile le lóchrainn lasta ar fud na háite.

Tá sé spéisiúil nach dtosaíonn an bhliain nua ar an dáta céanna ar fud an domhain. Tá sé spéisiúil freisin nach mbíonn uimhir ag an mbliain Shíneach, ach ina háit bíonn ainmhí luaite léi.

Tá 12 ainmhí ar an iomlán agus i mbliana is é an coileach an t-ainmhí. Bhí an moncaí mar ainmhí na bliana anuraidh agus beidh an madra mar ainmhí na bliana an bhliain seo chugainn.

Dancing With the Stars ar RTE1

Tá an clár nua damhsa seo ar siúl ar RTE1 le cúpla seachtain anuas gach Domhnach. Cuireann Amanda Byram agus Nicky Byrne an clár i láthair. Tá an clár cosúil le *Strictly Come Dancing*, ach ar ndóigh is daoine cáiliúla Éireannacha atá ar an gclár.

Bíonn na daoine sin ag damhsa le damhsóirí gairmiúla, agus gach seachtain bíonn téama difriúil ag an gclár. Ag an deireadh seachtaine, is é an téama a bhí ann ná "na scannáin" agus bhí siad go léir ag damhsa le hamhráin ó scannán.

Braitheann na damhsóirí ar na vótaí ón lucht féachanna agus ó na moltóirí. Téann an duine leis an méid is lú vótaí abhaile. Ní bhfuair Thalia Heffernan go leor vótaí agus tá sí imithe ón gclár.

